# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(300 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10

- Tá ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Tá ar iarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór d'iarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí **8** agus **10** a fhreagairt, tá siad le fáil ar pháipéar leis seo atá marcáilte le **X**.

## GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) (a) Conas a tharla sé gur ghabh na hAithnigh Pulas in 425 R.Ch? (15)

(b) Conas a d'éirigh leis na hAithnigh na Spartaigh a cheapadh ar oileán Sfaictéiria? (20)

(c) Mínigh cén fáth ar thubaiste chomh huafásach sin é do Sparta géilleadh.na Spartach ar Sfaictéiria.. (15)

(ii) Scríobh nótaí ar **bheirt** ar bith díobh seo a leanas:-

Cléón (ginearál agus polaiteoir Aithneach); Peiricléas (ginearál agus polaiteoir Aithneach); Gylippus (ginearál Spartach). (25,25)

(iii) Déan cur síos ar Chath Mantinea. (50)

(iv) (a) Cad iad na hargóintí a chuir Nicias i láthair na nAithneach i gcoinne an fheachtais chun na Sicile in 416 R.Ch? (25)

(b) Cad iad na hargóintí a rinne Alcaibiaidéas ar son an fheachtais? (25)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) (a) Tabhair cuntas ar Chath Abhainn Granicus. (40)

(b) Déan cur síos ar conas a thug Alastar onóir do na Macadónaigh a bhí marbh i ndiaidh an chatha. (10)

(ii) (a) Déan cur síos ar na deacrachtaí a bhí roimh Alastar agus a arm agus Fásach na Geadróisia á thrasnú acu. (35)

(b) Cad a insíonn an eachtra sin faoi charachtar Alastair? (15)

(iii) Scríobh nótaí ar **bheirt** díobh seo a leanas:-

Fiolótas (ceannasaí mharcshlua Alastair); Póras (rí Indiach); Dáirias (rí Peirseach). (25, 25)

(iv) Bhí meas ag cách ar chrógacht phearsanta Alastair i gcath. Tar éis Airrianas a léamh, cén fhianaise a d'aimsigh tú ar chrógacht Alastair? (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) (a) Tabhair cuntas ar na himeachtaí i dteach Chaesar ba chúis le sacrailéid a bheith curtha i leith Publius Clodius. (35)

(b) Déan cur síos ar an méid a tharla nuair a cúisíodh Clodius sa chúirt. (15)

(ii) (a) Scríobh cuntas gairid ar fheachtas Phoimpéas in aghaidh Mithridates. (35)

(b) Cén tuairim a fuair tú de Mithridates tar éis Plútarc a léamh? (15)

(iii) (a) Ina shaothar *Ardréim agus Meath na Róimhe*, cad iad na cáilíochtaí a chreideann Sallaistias ba chúis le hardréim na Róimhe ina luathstair? (25)

(b) Dar le Sallaistias, cad ba chúis le meath na Róimhe? (25)

(iv) (a) Tabhair breac-chuntas ar na himeachtaí a chuir iallach ar Chiceаró dul ar deoraíocht in 58 R.Ch. (35)

(b) Cén fad a mhair deoraíocht Chiceаró agus cad a chuir deireadh léi? (15)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) Scríobh nótaí ar **bheirt ar bith** díobh seo a leanas:-

Marcas Antaine; Agrippa (giolla gualainne Ágastas); Séánas. (25, 25)

(ii) (a) Déan cur síos ar an tsiamsaíocht agus ar na cluichí a chuir Ágastas ar fáil do mhuintir na Róimhe. (35)

(b) Dar leat, cén fáth ar mheas Ágastas cluichí agus siamsaíocht a bheith tábhachtach? (15)

(iii) I dtús réimeas Thibir mar impire, thosaigh ceannaircí in Pannonia agus sa Ghearmáin.

(a) Cad iad na cúinsí agus an bhail ba chúis le ceannairc na saighdiúirí? (25)

(b) Conas a chuir Drusus agus Germanicus deireadh leis na ceannaircí? (25)

(iv) Ag sochraid Ágastas, de réir Thacatas, rinneadh a lán cainte faoi Ágastas. Déan achoimre ar na tuairimí fabhracha **agus** ar na tuairimí mífhabhracha faoi Ágastas de réir thuairisc Thacatas. (50)

---

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

### Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) (a) Conas a d'áitigh Méide ar Creon ligean di fanacht ar feadh lá eile sa Choraint? (20)

(b) Déan cur síos ar conas a fuair an Banphrionsa Glauce agus a hathair Creon bás sa dráma *Méide* le hEoiripidéas. (30)

(ii) Rianaigh an tsraith imeachtaí ba chúis le hÉideapús an fhírinne a aimsiú faoina bhreith sa dráma le Sofaicléas *Éideapús Rí*. (50)

(iii) (a) Déan cur síos ar conas a bhain Méide díoltas amach ar a fear céile Iasón sa dráma *Méide* le hEoiripidéas. (35)

(b) An dóigh leat go raibh an ceart ag Méide ina cuid gníomhaíochtaí? Mínigh do fhreagra. (15)

(iv) (a) Mínigh cén fáth ar theastaigh chomh géar sin ó Éideapús agus ó mhuintir na Téibhe marfóir an Rí Laius a aimsiú sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (15)

(b) Déan cur síos ar conas mar a fuair an Rí Laius bás. (20)

(c) Cad a bhí ráite ag an Oracal in Deilfe le Iocasta agus Laius agus cén iarracht a rinne siad chun é a chosc ar theacht i gcrích? (15)

---

### Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i) (a) Déan cur síos ar an bpionós a cuireadh ar Melanthius, aoire fealltach gabhar Odaiséas. (15)

(b) Cén pionós a chuir Odaiséas ar an dáréag searbhóntaí mná a bhí mídhílis. (15)

(c) An dóigh leat gur thuill Melanthius agus an dáréag searbhóntaí mná a gcinniúint? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) (a) Conas a áitíodh ar athair Aeinéas, Anchises, an Traí a fhágáil? (20)

(b) Déan cur síos ar ar tharla do bhean Aeinéas, Creusa? (15)

(c) Cad a chuir ina luí ar Aeinéas éirí as Creusa a chuardach? (15)

(iii) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, cérbh í Eurycleia? (10)

(b) Déan cur síos ar an gcéad teagmháil a bhí ag Eurycleia le hOdaiséas tar éis dó filleadh ar Ithaca. (20)

(c) Mínigh go hachomair conas a tharla go raibh colm ag Odaiséas ar a leis. (20)

(iv) (a) Déan cur síos ar Charon, an farantóir ar Abhainn an Stiocs. (15)

(b) Cén fáth a dtugann Charon roinnt anamnacha trasna na habhann agus cén fáth a ndiúltaíonn sé do roinnt eile? (20)

(c) Tabhair breac-chuntas ar shamhail **amháin** a úsáideann Veirgil chun cur síos ar na hanamacha ar bhruach na habhann. (15)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) Ina *Réamhrá* cuireann Livias an t-am i láthair i gcomparáid leis an am atá caite.

(a) Cad é an rud is mó faoi na Rómhánaigh in anallód a bhfuil meas ag Livias air? (25)

(b) Conas a lochtaíonn Livias Rómhánaigh a linne féin? (25)

(ii) (a) Cé na bealaí ina léiríonn Óivid flaithiúlacht shimplí na seanlánúine Baucis agus Philemon do na déithe Iúpatar agus Mearcair? (40)

(b) Conas a léiríonn an achainí dheiridh a dhéanann Baucis agus Philemon an grá a bhí acu dá chéile? (10)

(iii) (a) Déan achoimre ar an scéal a insíonn Horáit ina dhán *Luch an Bhaile Mhóir agus Luch na Tuaithe*. (30)

(b) Cad a thaispeánann an dán seo maidir le dearcadh Horáit ar shaol an bhaile mhóir agus ar shaol na tuaithe? (20)

(iv) (a) Déan achoimre ar an scéal le Veirgil faoi Earcail agus Cacas. (40)

(b) An dtaitníonn an scéal leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

---

## GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) (a) Ainmnigh an dealbh cháiliúil a léirítear i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X**. (5)
(b) Ainmnigh an dealbhóir. (5)
(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)
(d) Cad iad na gnéithe den dealbh seo atá ina n-eiseamláir thipiciúil den tréimhse sin? (30)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** dealbhóireacht ó Theampall Artemis ag Korkyra.

(a) Ainmnigh an phríomhfhíor sa dealbhóireacht. (10)
(b) Cén áit ar an teampall a raibh an dealbhóireacht seo suite ar dtús? (10)
(c) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbhóireacht seo ina heiseamláir thipiciúil de dhealbhóireacht na Luath-Ré Ársa? (30)

(iii) (a) Ainmnigh an foirgneamh a léirítear i bh**Fótagraf C** ar **Pháipéar X**. (5)
(b) Cá raibh an foirgneamh seo suite? (5)
(c) Cén fheidhm a bhí ag an bhfoirgneamh? (10)
(d) Cén t-ord den ailtireacht Ghréagach lena mbaineann an foirgneamh seo? (10)
(e) Agus úsáid á baint agat as na téarmaí cearta ailtireachta, déan cur síos ar an bhfoirgneamh seo. (20)

(iv) (a) Ainmnigh an dealbh a léirítear i bh**Fótagraf D** ar **Pháipéar X**. (5)
(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (5)
(c) Mínigh conas atá an dealbh seo ina sampla ionadaíoch dá tréimhse. (20)
(d) Dar leat, conas a chuireann an dealbhóir mothú na péine agus na fulaingthe in iúl sa saothar seo? (20)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar fháthscéal an Chaptaein Mhara le Platón. (25)

(b) Dar leat, cad is ciall leis an bhfáthscéal sin? (10)

(c) An aontaíonn tú le tuairimí Phlatón faoin daonlathas? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii) De réir Shócraitéas, is féidir leis an saibhreas agus leis an mbochtaineacht oibrithe a scriosadh.

(a) Mínigh cén fáth a gcreideann Sócraitéas go bhfuil an saibhreas agus an bhochtaineacht ina gcontúirt chomh mór sin d'oibrithe. (35)

(b) De réir Shócraitéas, conas a bheidh a stát idéalach in ann an bua a fháil ar stat níos saibhre? (15)

(iii) (a) De réir Shócraitéas, cén fáth a bhfuil sé tábhachtach d'fhir óga an oiliúint fhisiceach a chomhcheangal leis an bhforbairt intleachtach? (30)

(b) Cad iad tuairimí Shócraitéas faoin gceol ina stát idéalach? (20)

(iv) Ar mhaith leat cónaí i stát idéalach Phlatón? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) (a) Ainmnigh an teampall a léirítear i bh**Fótagraf E** ar **Pháipéar X**. Cá bhfuil sé suite? (15)

(b) Agus na téarmaí cearta ailtireachta á n-úsáid agat, déan cur síos gairid ar an taobh istigh den teampall. (30)

(c) Luaigh gné **amháin** a bhaineann leis an taobh amuigh den teampall. (5)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** imprisean ealaíontóra den taobh istigh den Basilica Nova (Baisleac Chonstaintín).

(a) Cá raibh an bhaisleac seo suite sa Róimh? (10)

(b) Cén úsáid a bhaineadh na Rómhánaigh as Baisleaca? (15)

(c) Scríobh cur síos gairid ailtireachta ar an Basilica Nova. (25)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** dealbh phortráide d'Impire Rómhánach.

(a) Ainmnigh an t-impire. (10)

(b) Conas a léiríonn an dealbhóir go bhfuil sé ag léiriú an impire mar an laoch cáiliúil Earcail? (20)

(c) Cad a insíonn an dealbh sin dúinn faoi charachtar an impire? (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** péintéireacht bhalla ó Phoimpé.

(a) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa phéintéireacht seo. (20)

(b) Conas a d'éirigh leis an ealaíontóir mothú na hard-drámaíochta a bhaint amach sa phéintéireacht seo? (20)

(c) Ainmnigh péintéireacht **amháin** eile ar do chúrsa a thaitin leat agus tabhair cúis le do rogha. (10)

---

# LEATHANACH BÁN

**LEATHANACH BÁN**